Méala:
Conas is Féidir le Treoirchomhairleoirí Tacú leis an Scoláire atá faoi Bhrón

Aoife M. O'Brien
Iarrthóir Ph.D.
Múinteoir Cáilithe agus Cláraithe le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Conor Mc Guckin
Ollamh Cúnta le Síceolaíocht Oideachais
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Arna fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) mar alt don Lámhleabhar Scoile um Threoir



Clár an Ábhair

Achoimre 3
Eochairfhocail 3
Réamhrá 4
Cúlra 4
Teanga an Bháis a Fhiosrú 5
Teoiricí an Bháis agus an Mhéala 6
Taighde ag Fiosrú an Bháis agus an Mhéala 8
Cáipéisí Beartais agus Tacaíochta 10
Conclúid 11
Beathaisnéisí 16
Tagairtí 17

Achoimre

Tá an bás dosheachanta agus uilíoch, mar sin ní mór do dhuine ar bith a bhíonn ag obair le scoláirí a bheith ullamh le cuidiú a thairiscint dóibh siúd a dtéann bás nádúrtha, tobann nó tubaisteach i bhfeidhm orthu. Go deimhin, uaireanta bíonn gá le cuidiú roimh an mbás, toisc go mb'fhéidir go mbeidh scoláire 'ag ullmhú' do bhás duine suntasaigh ina saol (e.g. tuismitheoir i gcúram ospíse). Meastar go ndeachaigh bás suntasach i bhfeidhm ar idir 36,000 agus 60,000 daoine óga in Éirinn (McLoughlin, 2012). Toisc go bhfuil ról an Treoirchomhairleora ríthábhachtach ag tacú le scoláirí a dtarla méala dóibh, chomh maith lena bpiaraí agus an chuid eile de phobal na scoile, tugann an t-alt seo athbhreithniú ar an eolas ábhartha atá úsáideach do Threoirchomhairleoir ina bpleanáil chun tacaíocht láithreach agus leanúnach a sholáthar.

Tosaíonn an t-alt le plé faoi na difríochtaí sainmhínithe idir na cineálacha méala, á leanúint le léargas ar na boinn teoiriciúla atá le méala agus brón, ag léiriú cén chaoi a d'athraigh an topaic in imeacht ama, ag léiriú athruithe sóisialta. Ina dhiaidh sin, díritear aird ar athbhreithniú ar an taighde a scrúdaigh nádúr, tarlú agus comhcoibhneasa an mhéala i measc scoláirí.

Rud atá ríthábhachtach d'obair an Treoirchomhairleora scoilbhunaithe is ea an creat poalsaí a threoraíonn a gcuid oibre. Tugann an t-alt léargas ar cháipéisí polasaí atá úsáideach don phleanáil do sholáthar don mhéala agus seirbhísí tacaíochta do scoláirí. Mar chríoch, féachtar ar ábhair curaclaim, cláir agus acmhainní atá ar fáil chun cuidiú le Treoirchomhairleoirí san obair thábhachtach seo.

Eochairfhocail

Treoirchomhairleoir; méala; brón; scoileanna; scoláirí; tacaíocht.

Réamhrá

Leis an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht agus sa nua-aomsearthacht i gcoitinne, caitheanna leanaí an lae inniu saol atá tapa agus ar mire. Mar sin féin, d'ainneoin an dul chun cinn leanúnach atá déanta ag an nglúin seo a bhíonn 'ag síor-rith' (Belsey, 2004), tá gné amháin dá saol nach dtéann chun cinn faoi luas níos tapúla ná mar a bhíodh nuair a bhíomar féin óg - rialú mothúchánach. Má tá ré úrnua ag teastáil uainn do na leanaí nua cróga seo ní mór dúinn freisin cúnamh agus tacaíocht a sholáthar do na deacrachtaí agus na drochamanna ina saol. Tá an méala ina eispéireas suntasach amháin a d'fhéadfadh tionchar fadtéarma oideachais, síceolaíochta agus sláinte a bheith aige.

Cé go bhfuil sé dosheachanta agus uilíoch, is féidir leis an méala meascán de thorthaí dearfacha agus diúltacha a bheith aige do dhaoine óga. I gcoitinne, leanann brón an méala; is freagra gnách, sláitiúil agus cuí é ar an gcaillteanas. Measann neart daoine go mbaineann brón le caillteanas trí bhás, ach is féidir brón a mhothú mar thoradh ar chaillteanas pearsanta suntasach ar bith, amhail scaradh; colscaradh; athlonnú tíreolaíochta; cairdeas a chailleadh trí bhulaíocht; post a chailleadh; nó teip ar sprioc a bhaint amach. Níl scoláirí saor ó chaillteanas ná, go deimhin, ón mbrón a leanann é. Is féidir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mbás nó caillteanas pianmhar ar scoláire a bheith chomh héagsúil leis na cineálacha éagsúla de chaillteanas a d'fhéadfadh tarlú. Má tá sé le bheith éifeachtach, nó féidir bainistiú agus tacaíocht don mhéala a scaradh ó chomhpháirteanna acadúla an churaclaim, ná ní féidir é a scaradh ó phobal na scoile i gcoitinne. Is é an rud is mó atá de dhíth ar scoláirí ag amanna mar sin ná bheith i dtimpeallacht atá tacúil, cuiditheach agus cabhrach. Ní féidir ról agus tionchar an Treoirchomhairleora ag na hamanna seo a mheas faoina luach.

Tá an chaibidil seo dírithe ar an eolas cúlra riachtanach faoin réimse a thabhairt do Threoirchomhairleoirí agus oideoirí chomh maith le hathbhreithniú ar acmhainní a chuideoidh chun tacú le scoláirí atá thíos le méala (nó atá ar tí a bheith thíos le méala). Beidh an tuiscint ar an méala sa chaibidil de réir na dtéarmaí is leithne, a chuimsíonn na cineálacha éagsúla de chaillteanas atá luaite roimhe. Cé go bhfuil an chaibidil dírithe go príomha ar Threoirchomhairleoirí, beidh an t-eolas agus na hacmhainní molta úsáideach do dhuine ar bith ar a bhfuil freagracht as tacú (nó spéis acu ann) le scoláirí faoina gcúram.

Cúlra

Tá an cumas ag an méala tionchar a imirt ar ghnóthachtáil oideachais agus sláinte fhisiciúil agus mhothúchánach an duine a fhulaingíonn an méala; saol oibre na foirne; agus dearcadh an phobail ar scoileanna mar thimpeallachtaí tacúla oideachais agus síceasóisialta. Maidir le scoláirí a d'fhulaing an méala i dtaca le caidreamh nó mian suntasach, beidh freagairt éagsúil acu ag brath, mar shampla, ar a gcéim forbartha (Mallon, 2011), leibhéal na tacaíochta teaghlaigh (Harrington & Harrison, 1999), agus cúlra socheacnamaíochta (Humphreys, McCafferty, & Higgins, 2010).

I measc na bhfreagairtí coitianta ar chaillteanas a d'fhéadfadh dul i gcion ar scoláirí tá:

- Ardú i mbuarthaí laethúla;
- Cúlú in iompraíocht atá in oiriúint don aois;
- Meatha ar fheidhmíocht acadúil;
- Neamhoird itheacháin;
- Mí-úsáid substaintí;

- Cuimhní nó iardhearcthaí atá ina gcúis imní;
- Tinnis shíceasómatacha;
- Cúlú sóisialta.

(Capewell, 1999; Sheras, 2000)

Ó tharla go gcaitheann scoláirí cuid mhaith dá gcuid ama ar scoil, tá freagairtí na n-oideoirí tábhachtach - mar atá an ról a léiríonn an scoil lena chinntiú go ndéanfar riachtanais na ndaoine atá faoi mhéala a aithint agus freagairt dóibh ar bhealach cuí (Cranwell, 2007). Tá sé de chumas ar thacaíocht imleor agus chuí do scoláirí faoi mhéala maolú a dhéanamh ar thorthaí diúltacha a bhaineann le hoideachas agus sláinte sa todhchaí. Mar sin féin, ní hionann sin agus a rá go mbeidh cúnamh de dhíth ar gach uile scoláire ar bhain an méala dóibh, nó gur chóir paiteolaíocht a dhéanamh ar a mbrón. Is éard atá riachtanach, áfach, go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus na hacmhainní riachtanacha ag Treoirchomhairleoirí agus oideoirí chun tacú leis na scoláirí seo.

Agus cúnamh á thabhairt do scoláirí, cé go bhfuil tábhacht le taithí phearsanta agus le hiomas, tá teorainneacha suntasacha ann má táthar ag brath ar na tosca phearsanta seo. Mar shampla, féadfaidh taithí phearsanta ar an méala a bheith teoranta, nó féadfaidh iomas a bheith faoi thionchar luachanna suibiachtúla, creidimh agus claontachtaí (e.g. cultúrtha, reiligiúnda). Ina theannta sin, b'fhéidir nach mbeidh an gairmeoir tagtha chucu féin go hiomlán ó mhéala a bhain dóibh go pearsanta (go comhfhiosach nó go fo-chomhhhiosach) agus go bhfágfar tráma orthu athuair nuair a bhíonn orthu machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr le tacaíocht a sholáthar do scoláire atá ag déileáil le ceisteanna méala nó brón. Mar shampla, ina dtaighde le déanaí ag féachaint ar eolas, tuairimí agus dearcthaí múinteoirí faoi oiliúint maidir le bulaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, fuair Purdy agus Mc Guckin (2011) amach, d'ainneoin tacaíocht a gcomhghleacaithe, a staidéar ar oiliúint tosaigh múinteoirí, agus polasaithe scoile, dúirt trian de na múinteoirí faoi oiliúint go bhfillfidís ar 'an dúchas' (i.e. ag brath ar ríoga nádúrtha seachas tagairt do pholasaí scoile, foghlaim ó Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, tacaíocht ó chomhghleacaithe colleagues etc.) agus iad ag déileáil le cúrsaí dá leithéid.

Tá ról lárnach ag treoirchomhairleoirí sa tacú le daoine óga. Mar atá le fadhbanna eile a bhíonn ag daoine óga ar scoil, ábhar imní do neart oideoirí is ea an cheist cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na scileanna nó acmhainní acu atá de dhíth chun obair le scoláirí atá faoi bhrón (Burns, 2010). Ag cuimhneamh air seo, tabharfaidh an chaibidil seo an t-eolas ábhartha do léitheoirí maidir le méala agus brón agus treoir maidir le hacmhainní praiticiúla agus ábhar léitheoireachta, straitéisí agus pointí teagmhála chun cuidiú leis an tacaíocht dóibh siúd a d'fhulaing méala agus a bhfuil cúnamh de dhíth orthu.

Sa chaibidil:

- Déantar athbhreithniú ar téarmaíocht agus teanga an mhéala agus an chaillteanais;
- Mínítear teoirící a chuireann bonn faoinár dtuiscint ar mhéala agus brón;
- Tugtar cur síos ar a bhfuil foghlamtha againn ón taighde maidir leis an tionchar gearrthéarma agus fadtéarma ar dhaoine óga a mbaineann an méala dóibh;
- Tugtar cur síos ar na polasaithe a bhaineann le scoileanna in Éirinn;
- Déantar athbhreithniú ar acmhainní agus gníomaíochtaí úsáideacha.

Teanga an Mhéala a Fhiosrú

Tá réimhse na méalaeolaíochta (staidéar acadúl ar an méala) bunaithe ar shaibhreas ábhair ó thaighdeoirí agus cleachtóirí ó neart disciplíní. Mar sin, tá castachtaí an bháis agus brón le

feiceáil san iliomad sainmhínithe a ghabhann leo. Tagraíonn méala féin do stádas an duine a d'fhulaing caillteanas, agus a d'fhéadfadh a bheith ag dul faoi strus síceolaíochta, sóisialta, agus / nó fisiciúil toisc go bhfuil deireadh tagtha le caidreamh fónta (Kastenbaum, 1997). Tá trí ghné atá riachtanach chun méala a shainmhíniú (Corr, Nabe, & Corr, 2000):

1. Go n-áiríonn sé caidreamh le duine nó rud a bhfuil luach air;
2. Go gcaillteár an caidreamh sin;
3. Go bhfuil duine thíos leis mar thoradh ar an gcaillteanas.

Do chúiseanna na caibidle seo, meastar go gcuimsíonn méala an iliomad cineálacha caillteanais a mbíonn mar thoradh orthu go gcailleann an duine atá thíos leo caidreamh le duine nó rud a bhfuil luach acu orthu (e.g. peata, cairdeas, siblín, tuismitheoir).

I gcoitinne, leanann brón an méala agus is féidir leis a bheith ina phróiseas sóisialta chomh maith lena phróiseas aonair; dá bhrí sin, is féidir le teaghlaigh, oideoirí agus daoine eile i ngrúpaí sóisialta cabhrú nó dochar a dhéanamh do phróiseas an bhróin (Maddison & Walker, 1967). Tá an iliomad cineálacha bróin ann (e.g. brón tnútháin, brón géar, gnáthbhrón, brón casta). One form of note for educators is that of 'anticipatory' brón; the process by which friends agus family come to terms with the impending caillteanas of a significant person (Casarett, Kutner, & Abrahm, 2001). Próiseas ilghnéitheach is ea an brón tnútháin inar féidir na nithe seo a leanas tarlú: fearg, ciontacht, imní, cantal, díomá, mothúcháin caillteanais, agus laghdú sa chumas le gnáth-thascanna a dhéanamh. Tóg mar shampla an cás ina bhfuil scoláire ag ullmhú do mhéala tuismitheora atá ag fáil cúraim maolaithigh in ospís. Agus an tuismitheoir fós beo, is féidir neart oibre dearfaí a dhéanamh chun cuidiú leis an scoláire, go háirithe le tacaíocht agus treoir ó Oibrí Sóisialta Leighies ón ospís. Is féidir dul i gcion go mór ar tionchar an mhéala ag an gcéim ullmhúcháin seo. Is í an bhuntuisicnt mach mór a bheith ann ná go mb'fhéidir go mbeidh tús curtha ag an scoláire le próiseas an bhróin sula mbíonn an méala ann.

Mar thoradh ar an gcastacht agus an doláimhsitheacht a bhaineann le coincheap an bhróin, tá smaointe éagsúla ann i dtaca leis an gcoincheap. Tá neart ceisteanna a fhanann gan réiteach fós amhail: conas a dhéanaimid deighilt idir patrúin normálta, mínormálta nó paiteolaíocha an bhróin, ag cur san áireamh gur rud aonair ó bhonn é próiseas an bhróin agus gur féidir freagairtí mothúchánacha éagsúla a bheith ó nóiméad go chéile agus ó dhuine go duine? Mar sin, is próiseas casta é an brón le torthaí éagsúla. Chun críche na caibidle seo, beidh brón ag tagairt don mheasdán casta de fhreagairtí pianmhara ar an méala, a d'fhéadfadh díomá, fearg, dímrí, ciontacht agus éadóchas a áireamh (Raphael, 1998).

Mar sin, is ionann méala agus caidreamh a chailleadh le duine nó rud a bhfuil luach air; ach baineann refers leis na freagairtí síceolaíochta agus fisiciúla a tharlaíonn de bharr an chaillteanais.

Teoiricí an Mhéala agus an Bhróin

Tá an bunús teoiriciúil le méala agus brón riachtanach chun cuidiú linn tuiscint a fháil ar na freagairtí agus an siomptómeolaíocht a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil i dtorthaí oideachais, fisiciúla, mothúchánacha agus sóisialta. Tugann na teoiricí seo mínithe freisin agus léiríonn siad céimeanna na bhfreagairtí a d'fhéadfadh a bheith ag daoine ar bhain méala díobh. Tá eolas bunúsach ar na dearcthaí teoiriciúla seo úsáideach mar chuidiú leis an Treoirchomhairleoir nó leis an oideoir agus iad ag tacú leo siúd ar bhain méala díobh agus a d'fhéadfadh a bheith ag obair trí phróiseas an bhróin.

Tá neart forbairtí inár gcuid eolais agus tuisceana ar chaillteanas agus méala ó na boinn teoiriciúla luatha a chuir Freud (1917) agus Bowlby (1969) ar fáil. Is é a gcuid saothair a chuir bonn le forbairtí teoiriciúla agus taighde ina dhiaidh sin maidir le tionchar an chaillteanais trí mhéala. Mar sin, bhí tionchar ag a dteoiricí ar staidéar eolaíochtúil an bhróin sa 20u haois agus leanann an tionchar an-mhór atá acu fós.

Is é Freud (1917) a chuir tús leis an staidéar ar an bhfreagairt ar mhéala, ag féachaint ar an mbrón mar phróiseas scoite ina raibh ar an duine a d'fhulaing an méala tarraingt siar ón domhain chun scaradh ón duine básaithe. Is éard a bheadh i gceist leis an 'scaradh' seo ná 'obair tríd' an mbrón sa chaoi is go bhféadfaí an caillteanas a shárú agus na naisc a bhriseadh. Mheas Freud go raibh an brón ina chuid de phróiseas atógála – dearcadh lena dtacaíonn Parkes (1988) a thug isteach an coincheap i dtaca le 'Domhan Foshuite'. Áiríonn sé seo an dearcadh go mairimid i ndomhan ina nglacaimid leis go leanfaidh an saol ar aghaidh mar a bhí i gcónaí; nuair a tharlaíonn méala, bristear ár ndomhain foshuite as a chéile agus bíonn orainn domhan nua a athchruthú. Nuair a bhíonn an méala trámach, féadfar an domhan foshuite a bhriseadh as a chéile amach is amach (Trickey, 2005) agus, mar sin, is deacra é a athchruthú.

Eascaíonn bonn tábhachtach lenár dtuiscint ar mhéala agus brón as Teoiric an Cheangail de chuid Bowlby (1969). De réir Theoiric an Cheangail, forbraíonn leanaí nach ceangail lena bpríomhchúramóirí, d'ainneoin difríochtaí aonair i gcáilíocht an cheangail (Cassidy, 1999). Tá an ceangal seo, bíodh sé 'slán', 'seachainteach' nó 'éiginnte', ríthábhachtach d'fhorbairt daoine óga sa todhchaí. Trína chuid oibre le Ainsworth, d'aithin Bowlby (1951), má táthar le tuiscint a fháil ar iompraíocht duine, go bhfuil tábhachtach freisin a dtimpeallacht a thuiscint (féach Mc Guckin & Minton, le foilsiú, do thuiscint ar mhúnlaí éiceolaíochta). Scrúdaigh Bowlby, Ainsworth, agus Main an chaoi ina d'fhreagair páistí óga do chaillteanas sealadach nó buan de shamhail de mháthair. Mheas Bowlby (1980) gurb é an brón an fhreagairt instinneach uilíoch ar an méala agus óna bhreathnuithe féin d'fhorbair sé paraidím nua den tuiscint ar cheangal agus an tionchar a bhíonn ar an duine nuair a bhristear na naisc sin. Go háirithe, fuair Bowlby amach nuair a athraíonn iompraíocht tuismitheora i ndiaidh méala, is féidir fadhbanna a bheith ann don duine óg.

Agus leathnú á dhéanamh acu ar an obair bhunúsach a rinne Freud agus Bowlby, thug daoine eile (e.g. Kübler-Ross, Parkes, Worden) múnlaí agus léargais éagsúla dúinn ar phróiseas an bhróin. Mar shampla, tá tuairimí éagsúla ann nach gá aitheantas a thabhairt do bhriseadh na nasc idir an duine a dtarlaíonn an méala dóibh agus an duine básaithe (e.g. Klass, Silverman, & Nickman; Stroebe & Schut), agus bíonn múnlaí céime i gceist le neart acu sin.

Tá teoiricí céime bunaithe ar an tuairim go dtarlaíonn forbairt i réimsí ár leith trí shraith de chéimeanna fáis agus forbartha (e.g. Freud agus forbairt shícighnéasach; Erikson agus forbairt shíceashóisialta; Piaget agus forbairt chognaíoch). Cé go mbíonn teoiricí céime dá leithéid cruinn agus galánta, tá sé de locht bunúsach orthu nach ndéanann siad foráil d'fhorbairt neamhghnách, nó nach gcríochnóidh daoine áirithe an céimeanna sa bhealach atá molta ag an teoiric. D'ainneoin na fadhbanna seo, féadfaidh an Treoirchomhairleoir muiníneach féachaint ar na teoiricí mar uirlisí smaointeoireachta – uirlisí is féidir a úsáid ina n-aonair nó i gcomher lena chéile chun cuidiú le tuiscint níos saibhre agus níos doimhne a chur ar fáil maidir leis an gcás ar leith de mhéala agus brón a bhfuil tacaíocht á sholáthar acu ina leith. Ba chóir do Threoirchomhairleoirí mothú muiníneach agus cumasach le gabháil do theoiricí agus a dtairiscintí, ag féachaint orthu ní mar iarsmaí den am atá thart. ach mar chreatlaigh treorach don chastacht ina ngnáthshaol oibre.

Ceann de na múnlaí céime is mó atá ar eolas agus is mó a thuigtear maidir leis an gcaoi ina dtuigimid méala agus brón, b'fhéidir, is ea múnla Kübler-Ross (1969). Cé gur forbraíodh an múnla trína cuid oibre le hothair a bhí ag fáil bháis agus brón orthu i dtaca lena dtodhchaí

a chailleadh, is minice a cuireadh an coincheap bunaidh i bhfeidhm ar mhéala. Is iad seo a leanas na céimeanna:

1. Séanadh;
2. Fearg;
3. Margáil;
4. Dúlagar;
5. Glacadh.

Cé go bhfuil an múnla a chuirtear i láthair líneach agus go samhlaítear an duine atá thíos le méala ag obair trí na céimeanna ar bhealach seicheamhach, is féidir (agus ba chóir é a spreagadh) féachaint ar an múnla ar bhealach níos solúbtha. Mar shampla, b'fhéidir go mbraithfidh roinnt daoine Fearg roimh Séanadh, b'fhéidir nach mbraithfidh daoine Dúlagar, agus mar sin de. Arís, is é saibhreas na teoirice an chaoi inar féidir í a úsáid mar threoir don smaointeoireacht agus don chleachtas.

I gcodarsnacht le cur chuige an mhúnla céime, admhaíonn Teoiric na Nasc Leanúnacha (Klass, Silverman, & Nickman, 1996) go leanann an duine atá thíos le méala de naisc a chaomhnú leis an duine básaithe thar am. Ar an gcaoi chéanna, aibhsíonn an Múnla an Déphróisis (Stroebe & Schut, 1999) an chaoi inar féidir le daoine gluaiseacht iompraíocht atá 'Treoshuite ar Chaillteanas' (e.g. brón, naisc a bhriseadh, díriú ar an am atá thart) agus iompraíocht atá 'Treoshuite ar Athbhunú' (e.g. brón a sheachaint, díriú ar an todhchaí) ar feadh na tréimhse bróin.

Ar an iomlán, is léir go dtugann formhór na múnlaí bróin le tuiscint nach mór do na daoine atá thíos le méala dul i ngleic lena gcaillteanas agus obair tríd sa chaoi is gur féidir a ndomhan a athchruthú agus a chur in ord arís sa chaoi is gur féidir leis a bheith fónta arís. Tá sé tábhachtacha a mheabhrú go bhfuil gach duine a fhulaingíonn méala uathúil agus go gcaithfidh siad le caillteanas suntasach agus leis an mbrón ina dhiaidh ar bhealach éagsúil. Níl aon bhealach ceart nó mícheart le brón a bheith ort. Is é an dúshlán atá roimh Treoirchomhairleoirí a fháil amach vad é an bealach is fearr le cuidiú leis an scoláire atá ag fulaingt méala trína fháil amach cad é is mó a chuidíonn leo. Ní mholtar aon mhúnla amháin de mhéala nó brón thar aon cheann eile, toisc go bhfuil comhchodanna atá uile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach. Gné thábhachtach de ról an Treoirchomhairleora is ea éisteacht agus tacaíocht a chur ar fáil agus fanacht ar an airdeall do chásanna a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith de dhíth orthu ó ghairmeoirí gaolmhara (e.g. Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, dochtúir ginearálta).

Taighde ag Fiosrú an Mhéala agus an Bhróin

Tá an caillteanas uilíoch. Cé go bhfanann an taithí ar mhéala agus brón pearsanta go huathúil, is í an aidhm atá le taighde scrúdú a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar nádúr, tarlú, comhchuibhnis, agus na cuir chuige is iomchuí i dtaca le hidirghabháil agus tacaíocht (Collins, Mc Aleavy, Mc Guckin, Strain, & Mc Ilroy, 2002). Maíonn Silverman (2000) gur dhá chultúr iad obair an taighdeora agus obair an chleachtóra nach féidir maireachtáil gan a chéile – go háirithe laistigh de réimse an mhéala agus an bhróin. Mar sin, is í an cheist lárnach do thaighdeoirí agus cleachtóirí: "Cé orthu a mbíonn brón, conas a bhíonn brón orthu, agus cad é costas oideachais, síceolaíochta, agus fisiciúil atá le próiseas an bhróin?". Ó thaobh an taighdeora-cleachtóra, cé go gcuidíonn taighde lenár dtuiscint agus míniú ar

phróisis dá leithéid, sa deireadh thiar thall is iad na gairmeoirí ag an líne tosaigh - amhail na Treoirchomhairleoirí - nach mór na torthaí ó na taighdeoirí a dheimhniú.

Cé go tuigtear tionchar an mhéala ar aosaigh réasúnta maith, ní féidir é sin a rá maidir le leanaí agus ógánaigh, áit nach bhfuil toradh cinnte ar thionchar an mhéala (Christ, Siegel, & Christ, 2002; McLoughlin, 2012). Ach tugann neart taighde le tuiscint gur dócha go mbeidh fadhbanna ag ógánaigh óga dul i dtaithí ar mhéala (Elizur & Kaffman, 1983; Fristad, Jedel, Weller, & Weller, 1993). Le bás tuismitheora tarlaíonn ceann de na samplaí is suntasaí de chaillteanas pearsanta, agus seans go gcuirfear bac ar fhorbairt an duine óig sa todhchaí (Black & Young, 1995; Dowdney, 1999; Weller, Weller, Fristad, & Bowes, 1991). Meastar, maidir le scoláirí a bhfaigheann tuismitheoir leo bás, gur dócha go mbeidh bac suntasach ar an ngnáthfheidhmiú laethúil do 50 faoin gcéad acu le linn na chéad bhliana, agus go gcaithfear duine as cúigear acu a chur ar aghaidh cuig seirbhísí speisialta (Black, 1996). Ar an mbealach céanna, fuair an staidéar tábhachtach Harvard ar Mhéala (Worden & Silverman, 1996) gur léirigh scoláirí le méala torthaí diúltacha (e.g. athruithe suntasacha nó tobanna san iompraíocht, ionsaitheacht, imní leanúnach) tar éis bliana (19%) agus tar éis dhá bhliain (21%). Fuair Sweeting, West, agus Richards (1998) amach, i measc sampla de mhná a chaill tuismitheoir (N = 1,000), bhí 40 faoin gcéad ag iompar clainne roimh 18 mbliana d'aois.

Cé nach féidir pian agus próisis síceolaíochta an bhróin a sheachaint de ghnáth, is léir go gcuireann iompraíocht aosach mbíonn baint acu le scoláirí ó lá go lá go mór le 'dul chun cinn sláintiúil' trí bhrón (Cranwell, 2007; Dowling, Kiernan, & Guerin, 2007). Tugann taighde a scrúdaíonn freagairtí daoine óga don chaillteanas agus d'eachtraí trámacha le tuiscint gur féidir le tacaíocht choisctheach cuidiú le tionchar díobhálach fadtéarma a sheachaint (Sutcliffe, Tufnell, & Cornish, 1998). Spéisiúil go leor, fuair staidéar ó na Stáit Aontaithe amach, tar éis tríocha bliain de theagasc faoi mhéala agus brón i scoileanna, maidir leo siúd a fuair oideachas faoi mhéala, bhí níos lú eagla orthu roimh athrú agus caillteanas, bhí cumarsáid níos fearr acu laistigh dá dteaghlaigh, agus bhí torthaí níos fearr bainte amach acu ná mar a bhíothas ag súil leo in ábhair eile (Stevenson, 2004).

Laistigh d'Éirinn, léirigh taighde McGovern agus Barry (2010) nach mór a chur san áireamh, maidir le múinteoirí agus tuismitheoirí (go háirithe fir), cé go bhfuil siad dearfach agus tacúil i dtaca le hoideachas méala do scoláirí, mothaíonn siad míchompórdach ag caint le daoine óga faoi mhéala. Agus comparáid á dhéanamh acu idir freagairtí leanaí do mhéala agus caillteanas agus riachtanais scoileanna i Hull (Ríocht Aontaithe) agus Doire (Tuaisceart Éireann), thauriscigh Tracey agus Holland (2008) go bhféadfadh oiliúint do mhúinteoirí, daltaí, agus tuismitheoirí cuidiú le tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar thionchar an mhéala, rud a chuideodh le hoideoirí freagairt mar ba chuí. Ar an dóigh chéanna, sa taighde a rinne Shipman, Kraus, agus Monroe (2001) sa Ríocht Aontaithe ar inniúlcahtaí agus cumais fuarthas amach gur mhothaigh 56% de mhúinteoirí easnamhach ag láimhseáil scoláirí ar tharla méala dóibh. Fuair Holland (2007) amach gur lean 58% de scoileanna ag tuairisciú, thar tréimhse deich mbliana, go raibh níos mó oiliúna de dhíth i réimse an mhéala. Cé go bhfuil neart eagraíochtaí in Éirinn atá ábalta tacaíocht a chur ar fáil, tá siad seo dírithe ar aosaigh den chuid is mó; má thairgtear tacaíocht do dhaoine óga, go minic cuirtear ar fáil í trí oibrithe deonacha oilte seachas trí theipeoirí gairmiúla (Dowling et al. 2007). Luaigh Carroll (2010) an gá do sheirbhísí níos mó solúbthachta a bheith acu, níos mó oibre idirghníomhaireachta a dhéanamh, agus feasacht níos mó a bheith ann laistigh de phobail maidir leis an tionchar is féidir a bheith ag méala ar leanaí agus ar dhaoine óga agus conas is féidir tacú leo amach anseo. Thuairiscigh suirbhé Headstrong 'My World Survey' (Dooley & Fitzgerald, 2012) go bhfuil 'Aosach Maith Amháin' tábhachtach d'fholláine mheabhrach scoláirí, le 25 faoin gcéad de scoláirí 12 – 19 mbliana d'aois ag rá go lorgóidís eolas ar mhúinteoir nó Treoirchomhairleoir maidir lena meabhairshláinte.

Agus machnamh á dhéanamh ar na torthaí ón taighde sa réimse seo, teachtaireacht lárnach do Threoirchomhairleoirí is ea é seo: cé go mb'fhéidir nach mbraithfidh roinnt scoláirí tionchar diúltach i ndiaidh dóibh méala a fhulaingt, tugann formhór na dtorthaí léiriú ar thionchar láithreach agus sa todhchaí a bhaineann le gnóthachtáil oideachais, athrú iompraíochta, cúlú mothúchánach, agus foláine fhisiciúil agus síceolaíochta. I bhfianaise na dtionchar forleathana seo, ba chóir do Threoirchomhairleoirí féachaint le ceist an mhéala a chur san áirwamh sa Phlean Treorach Scoile Uile sa chaoi is go mbeidh gach duine sa phobal scoile ábalta an cheist a thuiscint agus déileáil léi go dearfach.

Cáipéisí Beartais agus Tacaíochta

Beag beann ar an gcur chuige a ghlacann scoil maidir le Polasaí Méala sainheaptha a bheith acu, mar cheannaire i bpobal na scoile, ba chóir don Treoirchomhairleoir, trína bPlean Treorach Scoile Uile, féachaint le soláthar a áireamh chu tacú le pobal na scoile i dtaca le méala agus brón. Ó thaobh plean a leagan amach go foirmiúil maidir le tacaíocht a bhaineann le méala agus brón i bpobal na scoile, is féidir le Treoirchomhairleoirí leas a bhaint as cáipéisí na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le tacaíocht agus cúram do scoláirí. Tá tábhacht leis seo i bhfianaise thorthaí McGovern agus Tracey (2010) nach raibh polasaí méala ar bun ag roinnt scoileanna i nGaillimh agus i nDoire nó nach raibh aghaidh tigtha acu ar chaillteanas ina gcáipéisí beartais (83% agus 35% faoi seach) agus go raibh cúnamh de dhíth orthu chun beartas méala a fhorbairt.

Deir an tAcht Oideachais (Rialtas na hÉireann, 1998) gur chóir do scoileanna seirbhísí síceolaíochta agus Seirbhísí Treorach agus Comhairleoireachta (Alt 2b, c), a áireamh d'fhonn a chinntiú go gcuirfear seirbhísí tacaíochta ar fáil do gach scoláire chun a riachtanais a shásaimh (Alt 7), agus go ndéanfar riachtanais oideachais na scoláirí uile a aithint agus go ndéanfar soláthar dóibh (Alt 9). Tá treoirlínte na Cigireachta, (2005) '*Treoirlínte do scoileanna dara leibhéal maidir le himpleachtaí Alt 9(c) den Acht Oideachais (1998), maidir le rochtain scoláirí ar threoir chuí'* úsáideach chun Alt 9(c) den Acht a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm.

Tá an curaclam Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte (OSPS) dírithe ar chur ar chumas scoláirí scileanna a fhorbairt chun a mianta a shásamh, cónaí i bpobail, féinmheas agus féinmhuinín a chur chun cinn, cur ar a gcumas creat a fhorbairt chun cinntí freagracha a dhéanamh, deiseanna a sholáthar d'athmhachnamh agus plé, agus sláinte agus folláine fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach a chur chun cinn (Seirbhís Tacaíochta OSPS, 2009). Laistigh de seo, tá deiseanna follasacha chun coincheapa an mhéala agus an bhróin a thabhairt isteach le béim idirdealaithe ar cheisteanna a bhaineann le híogaireachtaí cultúrtha agus reiligiúnda. Ina dtuairisc ar chomhairliúchán maidir leis an gcreat curaclaim OSPS don tsraith shinsearach, thuairiscigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA, 2006) gur theastaigh ó scoláirí tuiscint a bheith acu ar na céimeanna den mhéala agus caillteanas, lena n-áirítear conas a d'fhéadfaidís tacú leo féin agus a chéile in aimsir an mhéala agus an chaillteanais.

Sa bhliain 2007, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna '*Ag freagairt do theagmhais chriticiúla: Treoirlínte do scoileanna'* agus '*Ag freagairt do theagmhais chriticiúla: Ábhair acmhainne do scoileanna*', a ghabhann leo, a aibhsíonn an tábhacht lena chinntiú go mbíonn foireann éifeachtach ar bun chun déileáil le méala 'trámach' i ndiaidh géarchéimeanna. Mar cheannaire agus comhordú ar sheirbhís treorach, ba chóir do Threoirchomhairleoirí fanacht ar an eolas faoin ngá le measúnú rioscaí a dhéanamh ar gach cás de mhéala agus caidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe gairmiúla a bhfuil saineolas

acu i réimsí ar leith de bhainistiú méala agus bróin (e.g. Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais).

Tá an chomhpháirt comhairleoireachta de ról na dTreoirchomhairleoirí aitheanta mar phríomhchuid d'fhorbairt an scoláire, toisc go gcuireann sé ar ar gcumas straitéisí déileála a fhorbairt chun déileáil le strus, fadhbanna pearsanta agus sóisialta, agus aon dúshláin a chuireann an saol rompu (DES, 2005). Ábhar a thagann chun cinn go minic is ea an nasc idir an chuuid comhairleoireachta den ról agus na saincheisteanna meabhairshláinte a bhíonn ag óige an lae inniu. Tá treoirlínte tábhachtacha nua '*Treoirlínte ar mheabhairshláinte d'iar-bhunscoileanna'* le seoladh an an Roinn Oideachais agus Scileanna go luath. Ba chóir go mbeadh Treoirchomhairleoirí ar an eolas freisin faoi dhá cháipéis nua a bhaineann le comhairleoireacht. Is í an chéad cheann cáipéis a d'fhorbair na Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht Guidance Counselling (*Counselling competencies for guidance counselling education programmes: interim guidelines [2011]*). Cé gur dréachtadh na treoirllínte go príomha chun cuidiú leis na soláthraithe cláir maidir le gné na comhairleoireachta sna cláir oideachais agus oiliúna do Threoirchomhairleoirí, cuireann siad pointe tagartha ar fáil freisin do chleachtóirí. Is í an dara cáipéis '*Research on the practice of counselling by guidance counsellors in post-primary schools* le Hayes agus Morgan (2011). Tá an tuarascáil taighde seo ina cáipéis taighde úsáideach freisin i dtaca leis an eagraíocht agus an machnamh ar an gcaoi ina bhféadfaidh Treoirchomhairleoirí pleanáil go héifeachtach i dtaca le tacaíocht méala agus bróin sa phobal scoile.

Conclúid

In athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht maidir le brón, thug Parkes (2002) a fhís don todhchaí "… ina bhfaigheann tuismitheoirí, chomh maith le leanaí, ceannairí chomh maith le lucht leanúna, an cúram agus an tacaíocht atá de dhíth orthu; áit a dtugtar aitheantas don bhrón atá ina chuid riachtanach den saol agus go bhfaigheann na daoine sin atá thíos le brón tuiscint agus comhairle chríonna" (lch. 383). Á threorú ag comhairle chríonna Parkes, rinnea an chaibidil seo iarracht an t-eolas cuí a sholáthar do Threoirchomhairleoirí agus d'oideoirí atá úsáideach mar bhonn le cleachtas agus leis an bhfreagairt ar mhéala agus brón laistigh de shuíomh scoile. Ba chóir go bhfeicfeadh an Treoirchomhairleoir atá cáilithe go gairmiúil an t-eolas a thugatr sa chaibidil a fheiscint mar phointe tosaithe úsáideach ónar féidir leo forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint agus muinín sa réimse thábhachtach d'fhás, foghlaim agus forbairt scoláire. Chun tuilleadh cabhrach a thabhairt don tuiscint seo, tugtar pointí tagartha úsáideacha anseo thíos.

Acmhainní Úsáideacha

Comhairleoireacht Méala Barnardos do Leanaí

Seirbhís do leanaí agus scoláirí a bhfuil duine gar dóibh caillte acu trí bhás (e.g. tuismitheoir nó siblíneach). Oibríonn Barnardos le teaghlaigh chun cuidiú leo tacú lena leanbh trí phróiseas an bhróin. Is féidir tuileladh eolais agus treoirleabhair a fháil ag:

http://www.barnardos.ie/what-we-do/specialist-services/bereavement-counselling.html

Bereavement Ireland

Bunaíodh an tSeirbhís Comhairleoireachta Méala (Carthanas Cláraithe) i 1982 ag grúpa de ghairmeoirí le cúlraí sa tsicictracht, leigheas, obair shóísialta, altranas agus síceolaíocht.

http://www.bereavementireland.com/

Children's Grief Project

Is éard atá sa Children's Grief Project seirbhís tacaíochta atá lonnaithe i Luimneach do leanaí in aois scoile agus mic léinn a bhíonn thíos le caillteanas trí bhás, scaradh nó colscaradh. Cuireann sé áit slán sábháilte ar fáil do leaní agus mic léinn agus a dteaghlaigh atá ag fulaingt an bhróin.

http://www.childrensgriefproject.ie/

Console

Eagraíocht náisiúnta is ea Console a thacaíonn le daoine i nGéarchéim Féinmharaithe trí chomhairleoireacht ghairmiúil, tacaíocht agus seirbhísí line chabhrach. Tá Ionaid Seirbhíse Console ar fáil i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Baeil Átha Luain, Loch Garman agus Cill Dara.

www.console.ie

ChildLine

Seirbhís líne chabhrach rúnda ar an bhfón le húsáid ag leanaí má tá siad buartha faoi rud éigin.

https://www.childline.ie/

CRUSE Cúram Méala

Cúram méala curtha ar fáil ag comhairleoirí oilte i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear comhairle agus eolas faoi fhadhbanna praiticiúla.

http://www.crusebereavementcare.org.uk/

Daughters of Charity Child and Family Service

Cuireann an tseirbhís Daughters of Charity Child and Family Service, i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Baile Átha Cliath Thoir, seirbhísí ar fáil do leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh.
www.docharity.net

Family Ministry

Clár tacaíochta méala 7 seachtaine is ea 'Seedlings' do dhaoine óga a d'fhulaing méala trí dhuine tábhachtach ina saol a chailleadh trí bhás nó scaradh. Is grúpa tacaíochta piaraí é a éascaítear ag éascaitheoirí méala oilte.

Fón: 021 4275136

Irish Childhood Bereavement Network

Mol fíorúil is ea Irish Childhood Bereavement Network (ICBN) do dhaoine ag obair le leanaí, mic léinn a d'fhulaing méala agus a dteaghlaigh in Éirinn.

http://irishchildhoodbereavementnetwork.blogspot.ie/

Foras Ospíse na hÉireann

Carthanas náisiúnta is ea Foras Ospíse na hÉireann (IHF) atá tiomanta do na nithe ar fad a bhaineann le fáil bháis, le bás agus le méala in Éirinn. In 2012, bhunaigh IHF an líonra Irish Childhood Bereavement Network agus an chéad suíomh gréasáin atá dírithe ar oiliúint ar líne a chur ar fáil don tacaíocht méala. Tá sé mar aidhm aige soláthar a dhéanamh fóbh siúd atá ag obair le leanaí agus daoine óga a fhulaingíonn méala agus a dteaghlaigh in Éirinn trí oideachas, cúrsaí oiliúna agus ceardlanna a chur ar fáil do ghairmeoirí, oibruthe deonacha agus daoine eile a bhfuil suim acu tuilleadh a fhoghlaim faoi mhéala.

www.hospice-foundation.ie

Living Links

Cuireann Living Links for-rochtain, cúnamh praiticiúil, comhairle agus tacaíocht ar fáil dóibh siúd atá thíos le féinmharú. Tá daoine oilte ar fáil chun tacaíocht agus

comhairle rúnda agus praiticiúil a thairiscint do theaghlaigh atá thíos le féinmharú.

http://www.livinglinks.ie/

Rainbows Ireland

Clár tacaíocht piaraí is ea Rainbows (Catharnas Cláraithe) cun cuidiú le leanaí agus mic léinn atá ag déileáil le caillteanas suntasach ina saol trí bhás, scaradh nó colscaradh ina dteaghlach. Feidhmíonn Rainbows i suíomhanna amhail scoileanna, paróistí agus ionaid pobail. Ní thairgíonn an tseirbhís comhairle ghairmiúil ná teiripe.

http://www.rainbowsireland.com/

Samáraigh

Cuireann na na Samáraigh (Samaritans Ireland) tacaíocht mhothúchánach 24-uair ar fáil chuig duine ar bith atá faoi chiapadh, ísle brí nó smaoineamh féinmharfach.

Fón: 1850-609090 (24 uair sa lá)
R-phost: jo@samaritans.org
Suíomh gréasáin: www.samaritans.org

Support after Homicide

Cuireann an tseirbhís seo tacaíocht mhothúchánach agus eolas praiticiúil ar fáil dóibh siúd atá thíos le méala de bharr dúnbhásaithe, ar bhonn duine le duine ina dtithe féin.

Teagmháil: 087-9837322

Teen-Line Ireland

Seirbhís éisteachta rúnda d'aosaigh óga ó 12 blian d'aois.

www.teenline.ie

Tuilleadh Léitheoireachta

Leabhair	Údair
A Student Dies, a School Mourns: Dealing with Death and Loss in the School Community.	Ralph L. Klicker
Books to Help Children Cope with Separation and Loss (Second Edition)	Joanne Bernstein
Children and Grief: When a Parent Dies	J. W. Worden
Helping Children to Cope with Separation and Loss.	C. Jewett
Someone To Talk To: A Handbook on Childhood Bereavement	Pat Donnelly
The Forgotten Mourners	M. Pennells & S.C. Smith
Understanding Children's Experiences of Parental Bereavement	John Holland
When Kids Are Grieving: Addressing Grief and Loss in School.	Donna M. Burns
Working with Bereaved Children and Young People.	Brenda Mallon

Beathaisnéisí

Aoife Mary O’Brien
Post reatha: Iarrthóir Ph.D.,Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Bunmhúinteoir cáilithe is ea Aoife Mary O’Brien. Agus gradam Céad Onóracha faighte aici as a cuid taighde i réimse an mhéala, bronnadh Bonn Óir na Tríonóide ar Aoife. Sa bhliain 2012, fuair Aoife Scoláireacht ó Scoil an Oideachais chun leanúint dá taighde ag scrúdú ról na ngairmeoirí oideachais sa mhaolú ar thionchar an mhéala leanaí agus ógánach in Éirinn. Tá staidéir taighde Aoife ag mapáil an eolais agus na tuisceana ar mhéala i scoileanna na hÉireann, cuntais shiarghabhálacha ar mhéala ó oideoirí, agus an fhorbairt ar chláir curaclaim agus FGL agus ábhair le húsáid ag oideoirí agus le hoideoirí agus gairmeacha gaolmhara.

Conor Mc Guckin
Post reatha: Ollamh Cúnta sa tSíceolaíocht Oideachais, Stiúrthóir Staidéar: Máistreacht sa Treoir agus Comhairleoireacht Oideachais, Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2, Éire..

Is Síceolaí Cairte (British Síceolaíochta Society: CPsychol) agus Cláraithe (Cumanns Síceolaíochta na hÉireann: Reg. Psychol., Ps.S.I.) é Conor Mc Guckin, agus is Eolaí Cairte é (CSci) leis an gComhairle Eolaíochta. Is é Conor an Stiúrthóir Teagaisc agus Foghlama (Iarchéime) i Scoil an Oideachais i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Mar chuid de ghrúpa taighde na Scoile um Ionchuimsithesan Oideachas agus sa tSochaí (IES), baineann spéiseanna toghde Conor le réimsí na síceolaíochta curtha i bheidhm ar bheartas agus próisis oideachais, síceolaíocht an oideachais, fadhbanna bulaíochta/íospartach i measc leanaí agus aosach, riachtanais speisialta oideachais, síciméadracht agus tástáil, cráifeachas, agus méala.

Tagairtí

Belsey, B. (2004). Cyber bullying: *An emerging threat to the 'always on' generation*. Faighte ó http://www.cyberbullying.ca/pdf/Cyberbullying_Article_by_Bill_Belsey.pdf

Black, D. (1996). Childhood bereavement: Death and long term sequelae can be lessened by early intervention. *British Medical Journal, 312,* 1496.

Black, D., & Young, B. (1995). Bereaved children: risk and preventative intervention. In: B. Raphael and G. Burrows (Eds.), *Handbook of studies on preventative psychiatry*. Amsterdam: Elsevier, pp. 225-244.

Bowlby, J. (1980). *Loss: sadness and depression (attachment and loss)* (Vol. 3). New York, US: Basic Books.

Bowlby, J. (1969). *Attachment and loss: 1. Attachment*. London, England: Hogwarth Press.

Bowlby, J. (1951). *Maternal care and mental health*. Faighte ó http://whqlibdoc.who.int/monograph/WHO_MONO_2_(part1).pdf

Burns, D. M. (2010). *When kids are grieving: Addressing grief and loss in school*. California, US: Corwin (Sage).

Capewell, E. (1999). Disaster: How can schools respond? In: P. Barnard, I. Morland, & J. Nagy (Eds.). *Children bereavement and trauma: Nurturing resilience*. London: Jessica Kingsley Publishers, pp. 31-39.

Carroll, B. (2010). *Survey of childhood bereavement services in Ireland*. (Unpublished Masters Thesis). Dublin, Ireland: Irish Hospice Foundation & the Royal College of Surgeons in Ireland.

Casarett, D., Kutner, J. S., & Abrahm, J. (2001). Life after death: A practical approach to grief and bereavement. *Ann Intern Med., 134,* 208-215.

Cassidy, J. (1999). The nature of the child's ties. In J. Casssidy & R. R. Shaver (Eds.), *Handbook of attachment theory and research*. New York: Guilford Press, pp. 3-7.

Christ, G. H., Siegel, L., & Christ, A. E. (2002). Adolescent grief: It really never hit me until it actually happened. *Journal of Psychiatry*, *34*, 688-692

Collins, K., Mc Aleavy, G., Mc Guckin, C., Strain, M., & Mc Ilroy, D. (2002). *Effectiveness of different forms of interventions in the schools and youth sectors: Literature. research report series No. 25*. Bangor, Northern Ireland: Department of Education. Faighte ó http://www.deni.gov.uk/rb3_2002.pdf

Committee of Directors of Studies in Guidance Counselling (2011). *Counselling competencies for guidance counselling education programmes: Interim guidelines.* Faighte ó http://www.ncge.ie/uploads/Counselling_Competences_Statement.pdf

Corr, C. A., Nabe, C. M., & Corr, D. M. (2000). *Death and dying, life and living*. Belmont, CA: Wadsworth.

Cranwell, B. (2007). *Bereaved children's perspectives on what helps and hinders their grieving*. Sheffield, England: Child Bereavement Charity Project & Sheffield Hallam University.

Dooley, B., & Fitzgerald, A. (2012). *My world survey: National study of youth mental health in Ireland.* Dublin, Ireland: Headstrong & University College Dublin. Faighte ó http://www.headstrong.ie/sites/default/files/My%20World%20Survey%202012%20Online.pdf

Department of Education and Science (2007). *Responding to critical incidents guidelines for schools*. Faighte ó http://www.educatetogether.ie/wordpress/wp-content/uploads/2010/02/responding_to_critical_incidents_-_guidelines_for_schools.pdf

Department of Education and Science (2005). *Guidance provision in second level schools.* DES Circular PPT 12/05. Faighte ó http://www.education.ie/servlet/blobservlet/ppt12_05.doc

Dowdney, L. (1999). Childhood bereavement following parental death. *Journal of Child Psychology & Psychiatry, 7,* 819-830

Dowling, M., Kiernan, G., & Guerin, S. (2007). Responding to the needs of children who have been bereaved: A focus on services in Ireland. *The Irish Psychologist, 33,* 261-262.

Elizur, E., & Kaffman, N. (1983). Factors influencing the severity of childhood bereavement reactions. *American Journal of Orthopsychiatry, 55,* 668-78

Freud, S. (1917). 'Mourning and Melancholia' in *The Standard Edition of the Complete Psychological Works of Sigmund Freud*. London: The Hogarth Press.

Fristad M. A., Jedel R, Weller R. A., Weller E. B. (1993). Psychosocial functioning in children after the death of a parent. *Am J Psychiatry, 150,* 511–513.

Harrington, R., & Harrison, L. (1999). Unproven assumptions about the impact of bereavement on children. *Journal of the Royal Society of Medicine, 92,* 230-232.

Hayes, C., & Morgan, M. (2011). *Research on the Practice of Counselling by Guidance Counsellors in Post Primary Schools*. Faighte ó http://www.ncge.ie/uploads/The_Practice_of_Counselling_by_Guidance_Counsellors_in_Post_Primary_Schools.pdf

Humphreys, E., McCafferty, D., & Higgins, A. (2010). *How are our kids?* Limerick, Ireland: IKOS Research & Consultancy Ltd. with Mary Immaculate College.

Inspectorate (2005). *Guidelines for second-level schools on the implications of Section 9(c) of the Education Act (1998), relating to students' access to appropriate guidance.* Faighte ó http://www.ncge.ie/uploads/pp_guidelines_second_level_schools_9c.pdf

Kastenbaum, R. J. (1997). *Death, society, and human experience* (7th Ed.). New York: Merrill.

Klass, D., Silverman, P. R., & Nickman, S. (Eds.) (1996). *Continuing bonds: New understandings of grief.* Washington DC: Taylor & Francis.

Kübler-Ross, E. (1969). *On death and dying*. New York, United States: MacMillan

Maddison, D., & Walker, W. L. (1967). Factors affecting the outcome of conjugal bereavement. *The British Journal of Psychiatry* 113, 1057-1067. doi: 10.1192/bjp.113.503.105744

Mallon, B. (2011). *Working with bereaved children and young people.* London, England: SAGE Publications Ltd.

McGovern, M., & Barry, M. M. (2010). Death education: Knowledge, attitudes, and perspectives of Irish parents and teachers. *Death Studies, 24*, 325-333.

McGovern, M., Tracey, A. (2010). A comparative examination of schools' responses to bereavement and the associated needs of the school community in Galway, West of Ireland and Derry, Northern Ireland. *Pastoral Care in Education, 28,* 235-252.

Mc Guckin, C., & Minton, S. (forthcoming). From theory to practice: Applying ecosystemic approaches to the understanding of school bullying. *Australian Journal of Guidance and Counselling.*

McLoughlin, K. (2012). *Establishing a children's bereavement support network in Ireland: A scoping study.* Dublin, Ireland: Irish Hospice Foundation.

National Council for Curriculum and Assessment (NCCA) (2006). *Social, Personal and Health Education Curriculum Framework for Senior Cycle: Report on Consultation*. Faighte ó http://www.ncca.ie/en/Publications/Consultative_Documents/SPHE_Draft_Curriculum_Framework.pdf

Parkes, C. M. (2002). Grief: Lessons from the past, visions for the future. *Death Studies, 26,* 367-385.

Parkes, C. M. (1988). Bereavement as a psychosocial transition: processes of adaptation to change. *Journal of Social Issues, 3,* 53-65.

Purdy, N., & Mc Guckin, C. (2011). *Disablist bullying: An investigation of student teachers' knowledge and confidence. A Report for the Standing Conference on Teacher Education North and South* (SCOTENS). Report published by The Centre for Cross Border Studies for the Standing Conference on Teacher Education North and South (SCOTENS). Faighte ó http://scotens.org/docs/2011-disablist-bullying.pdf

Raphael, B. (1998). *The anatomy of bereavement*. New Jersey, USA: Aronson.

Rialtas na hÉireann (1998). *Acht Oideachais 1998*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Sheras, P. L. (2000). *Grief and traumatic loss: What schools need to know and do*. Washington D.C.: Hospice Foundation of America.

Shipman, C., Kraus, F., & Monroe, B. (2001). Responding to the needs of schools in supporting bereaved children. *Bereavement Care, 20,* 6.

Silverman, P. R. (2000). *Never too young to know: Death in children's lives.* Oxford: Oxford University Press.

Social Personal Health Education (SPHE) Support Service (2009). *The aims of SPHE.* Faighte ó www.sphe.ie/aims.aspx

Stevenson, R. G. (2004). Where do we come from? Where do we go from here? Thirty years of death education in schools. *Illness, Crisis and Loss, 12,* 231-238.

Stroebe, M. S., & Schut, H. (1999). The dual process model of coping with bereavement: rationale and description. *Death Studies, 23,* 197-224.

Sutcliffe, P., Tufnell, G., & Cornish, U. (Eds.) (1998). *Working with the dying and bereaved: systemic approaches to therapeutic work.* Basingstoke: Macmillan.

Sweeting, H., West, F., & Richards, M. (1998). Teenage family life, lifestyles and life chances: Associations with family structure, conflict with parents and joint family activity. *International Journal of Law, Policy and the Family, 12,* 1.

Tracey, A., & Holland, J. (2008). A comparative study of the child bereavement and loss responses and needs of schools in Hull, Yorkshire and Derry/Londonderry, Northern Ireland. *Pastoral Care in Education, 26,* 253-266.

Trickey, D. (2005). Young people bereaved by suicide: What hinders and what helps. *Bereavement Care, 24,* 11-14.

Weller, E. B., Weller, R. A., Fristad, M. A., & Bowes, J. M. (1991). Depression in recently bereaved children. *American Journal of Psychiatry, 148,* 1536-1540.

Worden, J. W., & Silverman, P. R. (1996). Parental death and the adjustment of school-age children. *Omega, 33,* 99-102.